

Leis an Scéim um Thiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas, tugtar foráil d'aisíocaíocht nó cealú CBL agus Cánach Cláraithe Feithiclí (suas le teorainn áirithe) ar fheithicil oiriúnaithe a cheannach chun duine a iompar a bhfuil dian-mhíchumais shonracha agus bhuana orthu.

Iarratas ar líne

- Téigh chuig **www.revenue.ie**.
- Logáil isteach ar **moChúrsaí** nó ROS.
- Roghnaigh an rogha Tiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas (DPD).
- Roghnaigh an catagóir cuí a bhaineann le d'iarratas.
- Comhlánaigh agus tíolaic.

Má tá gach rud in ord agus má éiríonn le d'iarratas, beidh an fógra um dhíolúine ar fáil duit le híoslódáil láithreach. (Roghnófar roinnt iarratas go randamach le haghaidh iniúchta. Féadfaidh sé go gcuirfidh sé seo moill ar roinnt iarratas.)

Mura bhfuil tú in ann d'iarratas a chomhlánú ar líne féadtar an fhoirm pháipéir seo a chomhlánú agus a thíolacadh chuig an seoladh thíos.

Cén chaoi leis an bhfoirm iarratais seo a chomhlánú chun an faoiseamh cánach seo a éileamh:

- Bain úsáid as BLOCLITREACHA.
- Cuir tic sna boscaí cuí.
- Cinntigh go bhfuil gach doiciméad tacaíochta ceangailte le d'iarratas nó go seolfar gach rud ar ais chugat.

Tá tuilleadh eolais ar fáil faoin Scéim um Thiománaithe agus Paisinéirí faoi Mhíchumas agus féadtar teacht uirthi tríd an mbileog

VRT7 a íoslódáil ó **www.revenue.ie** nó trí theagmháil a dhéanamh leis an Lároifig Aisíocaíochtaí ar 01 738 3671.

Ba chóir an fhoirm a sheoladh ar aghaidh chuig an seoladh seo a leanas:

SAORPHOST
Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
An Lároifig Aisíocaíochtaí
Teach an tSáirséalaigh
Sráid Phroinséis
Luimneach
V94 R972

Bailfonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcrúachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

SEICLIOSTA

Nuair atá an fhoirm seo á tfolacadh agat, cinntigh le do thoil go bhfuil gach ceann den mhéid seo a leanas agat:

1. DDO comhlánaithe go hiomlán
 2. Cóipeanna de bhundeimhnithe liachta do dhuine/do dhaoine faoi mhíchumas
- * Tabhair do d'aire go bhfuil ar a laghad 5 chóip de Bhundeimhnithe Liachta ag teastáil má d'fhreagair tú TÁ ar C3 thuas
- 3(a). Dearbhú um Athchóiriú Feithicle (i leith feithicil nua)
nó
 - 3(b). Duine a bhfuil na Cáilíochtaí Cuí aige/aici (SQI) (i leith feithiclí úsáidte)
 - 4(a). Cóip den mheastachán chun feithicil nua a cheannach
nó
 - 4(b). Cóip den sonrasc ceannaigh i leith an feithicil marcáilte **íoctha ina iomláine**
 - 5(a). Cóip den mheastachán ina sonraítear na hoiriúnuithe atá le déanamh ar an bhfeithicil
nó
 - 5(b). Cóip den sonrasc ina sonraítear na hoiriúnuithe a rinneadh ar an bhfeithicil marcáilte **íoctha ina iomláine**
 6. An bhfuil an fhoirm sínithe agus dátaithe

Coinnigh na doiciméid bhunaidh le do thoil mar gheall go bhféadfaidh sé go n-iarrfar iad chun críochoa fíorúcháin.

Ba chóir an fhoirm iarratais chomhlánaithe a sheoladh chuig:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim

An Lároifig Aisíocaíochtaí

Teach an tSáirséalaigh

Sráid Phroinséis

Luimneach

V94 R972